# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

**OIDEACHAS REILIGIÚNACH – ARDLEIBHÉAL**

DÉARDOIN, 22 MEITHEAMH 2006 – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30

Iomlán na Marcanna: 320

***Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí***

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FAOI:

- CHEIST **AMHÁIN** AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CHEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **CHEANN AMHÁIN** DEN DÁ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1.**
**Freagair a) agus b).**




*Ón tosach, chuir an t-iontas daoine ag déanamh fealsúnachta.*

Scrúdaigh cruinneas an ráitis sin agus tú ag tagairt:

a) Do thús na fealsúnachta sa tSean-Ghréig. (40 marc)

b) Do smaointeoireacht fhealsúnachta Arastatail **nó** Phlatón **nó** Shócraitéas. (40 marc)

**Ceist 2.**

**Freagair a) agus b).**

Bhain daoine as gach tréimhse ama úsáid as deasghnátha mar iad seo chun béim a chur ar amanna tábhachtacha ina saol:

- Deasghnátha adhlactha
- Deasghnátha aistrithe saoil
- Deasghnátha íobartha



a) Ó phobal ársa a bhfuil staidéar déanta agat air, déan cur síos ar dheasghnáth **amháin** as an liosta sin thuas, a d'úsáidtí chun béim a chur ar am tábhachtach sa saol. (40 marc)

b) An deasghnáth a bhfuil cur síos déanta agat air thuas, **nó** deasghnáth eile ó phobal ársa a bhfuil staidéar déanta agat air, scrúdaigh conas a léiríonn sé an chaoi a mbíonn an duine ag cuardach bhrí na beatha. (40 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marks)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ CHEANN** DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a) *agus* b) i *nó* ii.**

a) Filleadh ar fhís bhunaidh na Críostaíochta, tabhair breac-chuntas ar conas a bhí sé sin lárnach sa chuspóir a bhí ag ceann **amháin** díobh seo a leanas:

- Céli Dé
- Dara Comhairle na Vatacáine
- Diagacht na Fuascailte
- Gluaiseacht Shoiscéalach an Phrotastúnachais i dtús na 19ú haoise
- Leasuithe Luther
- Na hOird Déirce

(40 marc)

b) Conas a fheictear fís bhunaidh na Críostaíochta sna slite ina ndéanann Críostaithe adhradh sa lá inniu?

***nó***

Pléigh an gaol idir fís bhunaidh na Críostaíochta agus cuardach na haontachta sa Chríostaíocht sa lá inniu ann. (40 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA


**Freagair a) *agus* b) i *nó* ii.**

a) ● Mana ● Shaman ● Tabu ● Totem

Roghnaigh **dhá** cheann díobh sin thuas agus mínigh an pháirt a ghlacann siad i reiligiún bunaidh.

(40 marc)

b)



An Búdachas



An Chríostaíocht



An Giúdachas



An Hiondúchas



An tIoslamachas

i. Pléigh an tionchar a bhí ag reiligiún bunaidh ar cheann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas.

***nó***

ii. *Tá comhrá idirchreidmheach tábhachtach don chaidreamh idir na reiligiúin dhomhanda sa lá inniu.*

Scrúdaigh an ráiteas sin agus déan tagairt don chaidreamh idir **dhá** cheann de na reiligiúin dhomhanda ainmnithe thuas. (40 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA

**Freagair a) *nó* b).**

a) *Féachtar ar luach comhchoiteann mar thréith atá go maith, tábhachtach agus fiúntach do phobal.*

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** luach chomhchoiteanna as cairt a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Mínigh cén fáth a bhfuil gach ceann de na luachanna ar thug tú breac-chuntas orthu go maith, tábhachtach agus fiúntach do phobal.

(80 marc)

***nó***

b) ◆ An Búdachas ◆ An Giúdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

i. Tabhair breac-chuntas ar bhunphrionsabail an chirt agus na héagóra atá molta ag **dhá** cheann de na reiligiúin dhomhanda thuas. (40 marc)

ii. Mínigh conas is féidir **dhá** phrionsabal ar bith, a bhfuil breac-chuntas tugtha agat orthu, a chur i bhfeidhm ar an bpróiseas chun teacht ar chinneadh morálta. (40 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **CHEANN AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

### ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

- BUNAITHEOIR ORD CRÁBHAIDH
- SCRÍBHNEOIR REILIGIÚNACH
- LEASAITHEOIR SÓISIALTA
- SMAOINTEOIR SPIORADÁLTA

Déan cur síos ar na bealaí a ndeachaigh saol agus obair bheirt bhan i gceann ar bith de na catagóirí thuas chun tairbhe dá dtraidisiún reiligiúnach.

(80 marc)

### ROINN F CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA

**Freagair a) *nó* b).**

a) *"Ní féidir an tsíocháin a choimeád leis an bhforneart. Tríd an tuiscint amháin is féidir é a dhéanamh."* – Albert Einstein

Déan an ráiteas sin a mheas agus tú ag tagairt do réiteach achrainn i gcomhthéacs **amháin** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

(80 marc)

***nó***

b) *"Tá sé dodhéanta cogadh cóir a shamhlú san aois núicléach ."* – An Pápa Eoin XXIII

Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do bhunphrionsabail na teoirice faoin gcogadh cóir.

(80 marc)

### ROINN G ADHRADH, PAIDREOIREACHT AGUS DEASGHNÁTHA

**Freagair a), b) *agus* c).**

a) *Tá cineálacha difriúla de phaidreacha foirmiúla agus slite paidreoireachta éagsúla ag na reiligiúin dhomhanda.*

Déan cur síos ar shampla **amháin** de phaidir fhoirmiúil, **nó** de shlí paidreoireachta, a bhfuil ceangal aige le ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas -

◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Giúdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

(25 marc)

b) Mínigh bunús an tsampla atá tugtha agat agus déan cur síos ar conas a úsáidtear é sa traidisiún reiligiúnach a bhfuil ceangal aige leis. (25 marc)

c) Déan cur síos ar shampla de phaidir fhoirmiúil, **nó** de shlí paidreoireachta, a bhfuil ceangal aige le reiligiún **amháin eile** de na reiligiúin dhomhanda atá luaite thuas agus déan comparáid idir an bealach a n-úsáidtear é agus an sampla a bhfuil cur síos déanta agat i bpáirt a) thuas.

(30 marc)

## ROINN I REILIGIÚN: AN CLEACHTADH ÉIREANNACH

**Freagair a) agus b).**



*Nuair a tháinig Naomh Pádraig agus a chomh-mhisinéirí go hÉirinn, fuair siad pobal a raibh traidisiún saibhir reiligiúnach acu cheana féin.*

Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt dóibh seo:

a) Saibhreas an traidisiúin reiligiúnaigh in Éirinn na Réamh-Chríostaíochta.

(40 marc)

b) Conas a tharraing Naomh Pádraig agus a chomh-mhisinéirí as an saibhreas sin agus an Chríostaíocht á tabhairt acu go hÉirinn.

(40 marc)

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

Leathanach Bán